# Taithí Oibre d'Fhochéimithe

## Deis Taithí Oibre 3 mhí don bhliain acadúil 2026/2027

**Tá deis taithí oibre ar chonradh oiliúna á thairiscint ag Údarás na Gaeltachta d'fhochéimithe fuinniúil, cumasach le líofacht Ghaeilge le hoibriú in aon cheann d'oifigí Údarás na Gaeltachta (Gaoth Dobhair, Béal a' Mhuirthead, Na Forbacha nó Daingean Uí Chúis) ar feadh tréimhse 3 mhí mar chuid den gclár acadúil faoin a bhfuil siad cláraithe agus an Ghaeilge mar chuid den ábhar céime acu.**

**Bheadh na tréithe a leanas ag an iarrthóir:**

- Scil sa gcumarsáid agus in ann oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann araon
- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa
- Sárscileanna riaracháin, ríomhaireachta
- Tuiscint ar obair Údarás na Gaeltachta, ar chúrsaí Gaeltachta.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh trí Ghaeilge a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie.

An Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe
Ríomhphost: foluntais@udaras.ie

https://udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/fostaiocht/poist-udaras-na-gaeltachta/

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. ar 17ú Aibreán, 2026**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*